

GCSE



Sonraíocht GCSE CCEA Stair


Leagan 2: 15 Bealtaine 2017

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2017

Le measúnú den chéad uair Samhradh 2018

Le bronnadh den chéad uair Samhradh 2019

Cód Ábhair: 4010



Is é atá sa doiciméad seo, aistriúchán ar Chaibidil 3, Inneachar Ábhair, den tSonraíocht.

3 Inneachar Ábhair

Tá an cúrsa seo roinnte againn ina dhá aonad. Leagann an roinn seo amach an t-inneachar agus an mionsaothrú do gach aonad.

An sliocht aistrithe seo as sonraíocht Stair GCSE, níl ann ach na réimsí staidéir a bhaineann leis an ábhar atá á theagasc i gColáiste Feirste faoi láthair.

3.1 Aonad 1 Roinn A: Grinnstaidéar ar an Domhan Nua-Aoiseach

Sa roinn seo, foghlaimeoidh daltaí faoi na tréithe, na creidimh, na luachanna agus na dearchtaí a bhí ag daoine sa tréimhse a bhfuiltear ag déanamh staidéir uirthi. Is aidhm leis an ghrinnstaidéar tuiscint na ndaltaí a fheabhsú ar na castachtaí a bhaineann le sochaí, a staid stairiúil agus cur agus cúiteamh na n-eochairghnéithe taobh istigh dí.

An staidéar seo, cuireann sé deis ar fáil do dhaltaí díriú ar thréimhse chomhtháiteach ghairid den stair. Cuireann an measúnú ar a gcumas do dhaltaí a gcuid eolais agus tuisceana a thaispeáint agus a gcumas cuntais struchtúrtha anailíseacha a chruthú d'eochaireachtraí.

Tá na Cuspóirí Measúnaithe seo a leanas cineálach agus leagann siad amach na scileanna a fhorbróidh na daltaí agus an t-inneachar á úsáid mar chomhthéacs. Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:

- CM1** eolas agus tuiscint a léiriú ar na heochairghnéithe agus eochairthréithe a bhaineann leis an tréimhse a ndearnadh staidéar uirthi; agus
- CM2** míniú agus anailís a dhéanamh ar eachtraí agus tréimhsí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu ag úsáid coincheapa stairiúla den dara hord lena n-áirítear leanúnachas, athrú, cúis, iarmhairt, brí, comhchosúlacht agus éagsúlacht.

Rogha 1: An Saol sa Ghearmáin faoi na Naitsithe, 1933–45

Sa rogha seo, díríonn daltaí ar thionchar dheachtóireacht na Naitsithe ar shaol na ndaoine sa Ghearmáin. Fiosraíonn daltaí cur agus cúiteamh na bhfórsaí polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta agus ciníocha sa Ghearmáin ag an am seo.

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<p>Glacann Hitler smacht polaitiúil, 1933–34</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Briseann Hitler an cur in éadan agus an tábhacht atá ag baint leis na rudaí seo a leanas do mhuintir na Gearmáine: <ul style="list-style-type: none"> – tine Reichstag – an toghchán, Márta 1933 – An tAcht Údaraithe – <i>Gleichschaltung</i> – an bhagairt ó Röhm agus an <i>Sturm-Abteilung (SA)</i> – Oíche na Sceana Fada – bás von Hindenburg – Déantar Führer de Hitler
<p>Smacht agus cur in éadan</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Cruthú an Stáit Phóilínigh: <ul style="list-style-type: none"> – ról Himmler, an <i>Schutzstaffel (SS)</i>, an Gestapo, na cúirteanna dlí agus na sluachampaí géibhinn – tionchar an Stáit Phóilínigh ar shaol mhuintir na Gearmáine • Bolscaireacht agus cinsireacht: <ul style="list-style-type: none"> – ról Goebbels i leathadh smaointe na Naitsithe – Aireacht na Bolscaireachta agus leathadh smaointe na Naitsithe – tionchar ar shaol mhuintir na bolscaireachta agus na cinsireachta Gearmáine • Cur in éadan: <ul style="list-style-type: none"> – an méid tacaíochta a bhí ag réimeas na Naitsithe – cur in éadan ó na eaglaisí, lena n-áirítear ról an Tréadaí Niemöller – cur in éadan ó dhaoine óga, lena n-áirítear Swingjugend (<i>Swing Youth</i>) agus Edelweisspiraten (<i>Edelweiss Pirates</i>)

Inneachar	Mionsaothré ar Inneachar
Saol na n-oibrithe sa Ghearmáin faoi na Naitsithe	<ul style="list-style-type: none">• iarrachtaí na Naitsithe le dífhostaíocht a laghdú:<ul style="list-style-type: none">– oibreacha poiblí, coinscríobh, atharmáil, neamhthuilleamaíocht eacnamaíochta, Seirbhís Náisiúnta Saothair (RAD)– an tionchar a bhí ag polasaithe na Naitsithe ar shaol na n-oibrithe– éifeachtacht ghníomhartha na Naitsithe faoi 1939

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<p>Saol na n-oibrithe sa Ghearmáin faoi na Naitsithe (ar lean)</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Iarrachtaí na Naitsithe le saol na n-oibrithe a athrú: <ul style="list-style-type: none"> – Fronta Saothair na Gearmáine (DAF), Neart trí Shonas (KDF), Áilleacht na hOibre (SdA), praghsanna agus pá – an tionchar a bhí ag polasaithe na Naitsithe ar shaol na n-oibrithe – éifeachtacht ghníomhartha na Naitsithe faoi 1939
<p>Saol na mban agus an teaghlaigh sa Ghearmáin faoi na Naitsithe</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Dearthaí na Naitsithe ar mhná agus ar an teaghlach: <ul style="list-style-type: none"> – idéalacha Airianacha – <i>Kinder, Küche, Kirche</i> • Gníomhartha agus beartais na Naitsithe le saol na mban agus an teaghlaigh a athrú: <ul style="list-style-type: none"> – pósadh, fostaíocht agus dreach agus deilbh – saol an teaghlaigh – an tionchar a bhí ag gníomhartha agus ag beartais na Naitsithe ar shaol na mban agus ar an teaghlach – éifeachtacht ghníomhartha agus bheartais na Naitsithe faoi 1939
<p>Saol na ndaoine óga sa Ghearmáin faoi na Naitsithe</p>	<ul style="list-style-type: none"> • gníomhartha agus beartais na Naitsithe le saol na ndaoine óga a athrú: <ul style="list-style-type: none"> – oideachas – gluaiseachtaí ógra – an tionchar a bhí ag beartais na Naitsithe ar dhaoine óga sa Ghearmáin – éifeachtacht ghníomhartha agus bheartais na Naitsithe faoi 1939
<p>An saol a bhí ag pobal na nGiúdach agus ag mionlaigh sa Ghearmáin faoi na Naitsithe</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Géarleanúint na mionlach: <ul style="list-style-type: none"> – smaointe agus beartais chiniúla na Naitsithe – an dóigh ar caitheadh le mionlaigh: gíofóga, homaighnéasaigh, agus iad siúd a raibh míchumas orthu • géarleanúint na Naitsithe ar an phobal Ghiúdach: <ul style="list-style-type: none"> – an baghcat ar shiopaí agus ar ghnólachtaí Giúdacha – Dlíthe Nürnberg – <i>Kristallnacht</i> – an tionchar a bhí ag polasaithe na Naitsithe ar shaol pobal na nGiúdach faoi 1939 – éifeachtacht ghníomhartha agus bheartais na Naitsithe faoi 1939

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<p>An Ghearmáin sa chogadh</p>	<ul style="list-style-type: none"> • An saol sa Ghearmáin le linn An Dara Cogadh Domhanda <ul style="list-style-type: none"> – tionchar an chogaidh ar mhuintir na Gearmáine; – aer-ruathair agus buamáil – ollchogadh agus ciondáiil – ganntanas oibrithe agus ról na mban san ionad oibre • Géará ar an ghéarleanúint chiniúil: <ul style="list-style-type: none"> – na <i>Einsatzgruppen</i>, geiteonna agus campaí báis – an Réiteach Deireanach • An méid a chuir muintir na Gearmáine in éadan riail na Naitsithe agus an fhrithbheartaíocht i rith bhlianta an chogaidh: <ul style="list-style-type: none"> – grúpaí ógra – na heaglaisí – an tArm – éifeachtacht an chur in éadan agus na frithbheartaíochta a fhad le 1945

3.2 Aonad 1 Roinn B: Staidéar Áitiúil

Sa roinn seo, cuireann daltaí feabhas ar a dtuiscint ar an dóigh ar fhorbair athruithe suntasacha sa stair, eachtraí agus pearsantachtaí i dtréimhse áirithe i stair Thuaisceart Éireann. Chomh maith leis sin, déanann siad imscrúdú ar chur agus cúiteamh na gcaidreamh casta idir Thuaisceart Éireann agus a chomharsana.

An staidéar áitiúil seo, cuireann sé deis ar fáil do dhaltaí díriú ar thréimhse chomhtháiteach mheánach den stair. Cuireann an measúnú ar a gcumas do dhaltaí a gcuid eolais agus tuisceana a thaispeáint, cuntais struchtúrtha anailíseacha a chruthú d'eochoireachtraí agus anailís agus luacháil a dhéanamh ar ábhar foinsé comhaimseartha.

Tá na Cuspóirí Measúnaithe seo a leanas cineálach agus leagann siad amach na scileanna a fhorbróidh na daltaí agus an t-inneachar á úsáid mar chomhthéacs. Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:

- CM1** eolas agus tuiscint a léiriú ar na heochairghnéithe agus eochairthréithe a bhaineann leis an tréimhse a ndearnadh staidéar uirthi;
- CM2** míniú agus anailís a dhéanamh ar eachtraí agus tréimhsí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu ag úsáid coincheapa stairiúla den dara hord lena n-áirítear leanúnachas, athrú, cúis, iarmhairt, brí, comhchosúlacht agus éagsúlacht; agus
- CM3** foinsí a anailísiú, a luacháil agus a úsáid (comhaimseartha don tréimhse seo) le breithiúnais a bhfuil bunús leo a dhéanamh, i gcomhthéacs na n-eachtraí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu.

Rogha 2: Caidrimh Ag Athrú: Tuaisceart Éireann agus a Chomharsana, 1965–98

Sa rogha seo, díríonn daltaí ar na caidrimh a bhíonn ag síorathrú idir Tuaisceart Éireann, an Bhreatain agus Poblacht na hÉireann agus idir na pobail dhifriúla i dTuaisceart Éireann, i gcoinne an chúlra den chorraíl pholaitiúil agus shibhialta. Fiosraíonn daltaí tabhairt isteach na rialach dírí fosta, an méadú ar fhoréigean paraimíleata, na hiarrachtaí réiteach polaitiúil a fháil agus an tionchar ar Thuaisceart Éireann agus a chomharsana.

Inneachar	Mionsaothrú ar Inneachar
<p>Blianta O’Neill</p> <p>An feachtas le cearta sibhialta a fháil</p> <p>Staid ag dul in olcas, 1969</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Beartais agus gníomhartha O’Neill leis an gheilleagar a fheabhsú: buanna agus teipeanna • Iarrachtaí O’Neill le caidrimh idir na pobail i dTuaisceart Éireann a fheabhsú agus na freagairtí difriúla ar na hiarrachtaí sin • Iarrachtaí O’Neill le caidrimh le Poblacht na hÉireann a fheabhsú agus na freagairtí difriúla ar na hiarrachtaí sin • Tionchar ghluaiseacht na gceart sibhialta i Stáit Aontaithe Mheiriceá ar Thuaisceart Éireann • Cúiseanna le teacht chun cinn Chumann Chearta Sibhialta Thuaisceart Éireann (NICRA), lena n-áirítear na héilimh a bhí aige agus a mhodhanna agus na dearcthaí difriúla a bhí ann maidir leis • Mórshíúlta luatha na gceart sibhialta, lena n-áirítear freagairt Rialtas na Breataine agus na bpóilíní, clár leasaithe cúig phointe O’Neill agus na freagairtí difriúla maidir leo • Éifeachtacht CCSTÉ (NICRA) • Fáthanna le teacht chun cinn Dhaonlathas an Phobail: gníomhartha agus tionchar • Fáthanna le treascairt O’Neill • Teannas agus foréigean ag dul i méad, samhradh 1969 • Fáthanna le hidirghabháil rialtais na hÉireann agus na Breataine agus a hiarmhairtí

Inneachar	Mionsaothré ar Inneachar
Eagraíochtaí paraimíleata ag teacht chun cinn arís	<ul style="list-style-type: none"> Óglaigh na hÉireann (<i>IRA</i>) ag teacht chun cinn arís, an scoilt sna hÓglaigh agus cuspóirí Óglaigh na hÉireann Sealadach go díreach i ndiaidh a fhoirmithe Óglaigh Uladh (<i>The Ulster Volunteer Force/UVF</i>) ag teacht chun cinn arís agus a chuspóirí, agus cur ar bun Chumann Cosanta Uladh (<i>the Ulster Defence Association/UDA</i>) agus a chuspóirí
Imtheorannú	<ul style="list-style-type: none"> Cúiseanna leis an imtheorannú, leis an ghéarú ar an fhoréigean, le léirsithe na gceart sibhialta in aghaidh an imtheorannaithe, agus Domhnach na Fola agus freagairtí air, agus éifeachtaí na n-eachtraí sin
Riail dhíreach	<ul style="list-style-type: none"> Fáthanna le treascart Stormont agus tabhairt isteach na rialach díri Freagairt i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann ar chinneadh Rialtas na Breataine Stormont a chur ar fionraí
Réiteach Polaitiúil á lorg – iarracht ar chumhachtroinnt, 1973–74	<ul style="list-style-type: none"> Fáthanna le agus freagairtí ar thabhairt isteach an Fheidhmeannais chumhachtroinnte do Thuaisceart Éireann agus Comhairle Éireann; éifeachtaí stailc Chomhairle Oibrithe Uladh ar an iarracht cumhachtroinnt a dhéanamh i dTuaisceart Éireann; an riail dhíreach á tabhairt isteach arís
Straitéis na bPoblachtánach ag athrú	<ul style="list-style-type: none"> Na fáthanna leis na stailceanna ocrais, 1980–81; an dóigh a ndeachaigh na stailceanna ocrais i bhfeidhm, lena n-áirítear athrú ar straitéis na bPoblachtánach; an dóigh a ndeachaigh rath Sinn Féin i bhfeidhm ar Pháirtí Sóisialta agus Daonlathach an Lucht Oibre (SDLP)
Caidrimh ag athrú – i dtreo comhoibriú níos dlúithe	<ul style="list-style-type: none"> Fáthanna le comhoibriú níos dlúithe idir rialtas na hÉireann agus rialtas na Breataine sna 1980idí; téarmaí an Chonartha Angla-Éireannaigh: an tábhacht atá leis do chaidrimh idir an Bhreatain, Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann agus don dóigh a ndéanfaí Tuaisceart Éireann a rialú

Inneachar	Mionsaothré ar Inneachar
<p>Forógra Shráid Downing, 1993</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Tionscnaíocht Hume–Adams; Forógra Shráid Downing: eochairthéarmaí agus eochairfhreagairtí ar an Fhorógra i dTuaisceart Éireann agus an tábhacht leis an bhealach a réiteach do na sosanna cogaidh
<p>Comhaontú Aoine an Chéasta, 1998</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Eochairthéarmaí agus eochairfhreagairtí ar an Chomhaontú, lena n-áirítear an reifreann; tábhacht an Chomhaontaithe do chaidrimh idir an Bhreatain, Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann

3.3 Aonad 2: Staidéar Imlíne

San aonad seo, forbraíonn daltaí breaceolas ar eachtraí agus forbairtí suntasacha a bhfuil buntábhacht acu sa staidéar ar chaidrimh idirnáisiúnta sa tréimhse 1945–2003. Foghlaimíonn daltaí faoi chúiseanna agus iarmhairtí na n-eachtraí agus na bhforbairtí stairiúla, sainaithníonn siad patrúin, leanúnachas agus athrú, treocheartaí agus pointí casaidh, agus measúnú a dhéanamh ar an tábhacht stairiúil a bhaineann le daoine, eachtraí agus forbairtí.

An staidéar imlíneach seo, cuireann sé deis ar fáil do dhaltaí díriú ar thréimhse chomhtháiteach níos faide den stair. Cuireann an measúnú seo ar a gcumas do dhaltaí a gcuid eolais agus tuisceana a thaispeáint, cuntais struchtúrtha anailíseacha a chruthú d'eocheaireachtraí agus anailís agus luacháil a dhéanamh ar ábhar foinsé comhaimseartha agus léirmhínte níos déanaí a luacháil.

Tá na Cuspóirí Measúnaithe seo a leanas cineálach agus leagann siad amach na scileanna a fhorbróidh na daltaí agus an t-inneachar á úsáid mar chomhthéacs. Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta:

- CM1** eolas agus tuiscint a léiriú ar na heochairghnéithe agus eochairthréithe a bhaineann leis an tréimhse a ndearnadh staidéar uirthi;
- CM2** míniú agus anailís a dhéanamh ar eachtraí agus tréimhsí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu ag úsáid coincheapa stairiúla den dara hord lena n-áirítear leanúnachas, athrú, cúis, iarmhairt, brí, comhchosúlacht agus éagsúlacht;
- CM3** foinsí a anailísiú, a luacháil agus a úsáid (comhaimseartha don tréimhse seo) le breithiúnais a bhfuil bunús leo a dhéanamh, i gcomhthéacs na n-eachtraí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu; agus
- CM4** breithiúnais a bhfuil bunús leo a dhéanamh agus anailís agus luacháil a dhéanamh orthu siúd (a chuimsíonn an dóigh agus an fáth ar féidir le léirmhínte difriúla a bheith ann) i gcomhthéacs na n-eachtraí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu.

Caidrimh Idirnáisiúnta, 1945–2003

San aonad seo, díríonn daltaí ar na heachtraí agus ar na forbairtí suntasacha a raibh baint acu leis an Chogadh Fhuar agus leis an ‘chogadh ar an sceimhle’ úr.

Foghlaimíonn daltaí faoin dóigh ar tharla coinbhleacht agus cad chuige, faoi na hiarrachtaí a rinneadh le teannas a réiteach agus faoin dóigh a raibh tionchar ag an Chogadh Fhuar agus ag an ‘chogadh ar an sceimhle’ ar chaidrimh idirnáisiúnta.

Inneachar	Mionsaothré ar Inneachar
<p>Deireadh le comhoibriú agus tús an Chogaidh Fhuair</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Cliseadh in 1945 ar an chomhghuaillíocht a bhí ann idir SAM (USA) agus APSS (USSR) le linn an chogaidh: <ul style="list-style-type: none"> – Yalta – Potsdam – Hiroshima, Nagasaki agus tús an Chogaidh Fhuair – difríochtaí idé-eolaíocha idir SAM agus APSS: na sárchumhachtaí
<p>Iomaíocht idir na sárchumhachtaí ag teacht chun cinn agus a hiarmhairtí, 1945–49</p>	<ul style="list-style-type: none"> • An tAontas Sóivéadach ag gabháil seilbh ar Oirthear na hEorpa: <ul style="list-style-type: none"> – gníomhartha an APSS in Oirthear na hEorpa, 1945–49 – freagairt SAM agus a chomhghuaillithe • Teacht chun cinn an Chogaidh Fhuair agus an dóigh a ndeachaigh sin i bhfeidhm ar chaidrimh, 1946–47: <ul style="list-style-type: none"> – Óráid an Chuirín Iarainn – Dúnghaois Truman agus Plean Marshall
<p>Splancphointí san Eoraip agus an dóigh a ndeachaigh siad i bhfeidhm ar chaidrimh idirnáisiúnta</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Gníomhartha an APSS in Oirthear na hEorpa agus an dóigh a ndeachaigh siad i bhfeidhm ar chaidrimh idirnáisiúnta: <ul style="list-style-type: none"> – Imshuí agus Aeraistriú Bheirlín, 1948–49: cúiseanna, eachtraí agus iarmhairtí ar chaidrimh – An Ungáir, 1956: cúiseanna leis an éirí amach, an t-easaontas á chur faoi chois ag an APSS, freagairt an Iarthair, agus iarmhairtí agus an dóigh a ndeachaigh sin i bhfeidhm ar chaidrimh – Beirlín, 1959-61: cúiseanna leis an teannas a bhí ag dul i méad faoi Bheirlín, freagairt an Iarthair, tógáil Bhalla Bheirlín, a iarmhairtí agus a thionchar ar chaidrimh – An tSeicilóvaic, 1968: cúiseanna le hEarrach Phrág, freagairt an APSS, freagairt an Iarthair, agus iarmhairtí agus an dóigh a ndeachaigh sin i bhfeidhm ar chaidrimh

Inneachar	Mionsaothré ar Inneachar
<p>Splancphointí taobh amuigh den Eoraip agus an dóigh a ndeachaigh siad i bhfeidhm ar chaidrimh idirnáisiúnta</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Gníomhartha an APSS agus SAM taobh amuigh den Eoraip agus an dóigh a ndeachaigh siad i bhfeidhm ar chaidrimh idirnáisiúnta: <ul style="list-style-type: none"> – Cogadh na Cóiré, 1950–53: fáthanna le páirteachas SAM i gCogadh na Cóiré, ról na Síne agus APSS, eochaireachtraí agus eochairiarmhairtí an chogaidh agus an dóigh a ndeachaigh sé i bhfeidhm ar chaidrimh – an choinbhleacht i Vítniam, 1950–73: na fáthanna le páirteachas SAM, 1950-64, gníomhartha SAM, 1965–73, ról na Síne agus APSS, eochaireachtraí agus eochairiarmhairtí an chogaidh agus an dóigh a ndeachaigh sé i bhfeidhm ar chaidrimh – Géarchéim Dhiúracáin Chúba, 1959-62: cúiseanna Ghéarchéim Dhiúracáin Chúba, gníomhartha SAM agus APSS, eochaireachtraí agus eochairiarmhairtí an chogaidh agus an dóigh a ndeachaigh sé i bhfeidhm ar chaidrimh – cogadh an Aontais Shóivéadaigh san Afganastáin, 1979-89: na fáthanna le páirteachas APSS, gníomhartha an APSS, na hiarmhairtí gearrthréimhseacha a bhí ag baint leis an chogadh agus an dóigh a ndeachaigh sé i bhfeidhm ar chaidrimh
<p>Deireadh an Chogaidh Fhuair, 1985–91</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Gníomhartha an APSS agus SAM san Eoraip ar chaidrimh idirnáisiúnta: <ul style="list-style-type: none"> – beartais Gorbachev: <i>Gleasnast</i> agus <i>Peireastráice</i> – ról an Uachtaráin Reagan: – titim an chumannachais in Oirthear na hEorpa – deireadh an Chogaidh Fhuair
<p>Teannais úra ag teacht chun cinn, 1991–2003</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Ré nua coinbhleachta, an ‘cogadh ar sceimhle’ agus an iarmhairt ar chaidrimh idirnáisiúnta <ul style="list-style-type: none"> – iarmhairtí cogadh an Aontais Shóivéadaigh san Afganastáin: fás an Taliban agus forbairt Al-Qaeda – fáthanna le hionsaithe 11 Meán Fómhair: freagairt SAM agus a chomhghuailithe, agus an ‘cogadh ar an sceimhle’ – fáthanna leis an ionradh ar an Afganastáin, 2001 agus an dóigh a ndeachaigh sé i bhfeidhm ar chaidrimh idirnáisiúnta – fáthanna leis an ionradh ar an Iaráic, 2003, treascart Saddam Hussein agus an dóigh a ndeachaigh Cogadh na hIaráice i bhfeidhm ar chaidrimh idirnáisiúnta

